# Oifigeach Oiliúna agus Oideachais – Réigiún Chonnacht/Laighean

## *Ardoifigeach Feidhmiúcháin*

**Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta ar bhunús conradh sainchuspóra ag clúdach Saoire Máthaireachais d'Oifigeach Oiliúna agus Oideachais (Ardoifigeach Feidhmiúcháin)**

**An Ról:**

- Beidh an té a cheapfar freagrach as bainistiú, forbairt agus comhordú a dhéanamh ar Chlár Oiliúna agus Oideachais an Údaráis i Réigiún Chonnacht/Laighean faoi stiúir Ceannasaí na Rannóige Taighde agus Forbairt Earnálacha
- Cláir cuimsitheach oiliúna, meantóireacht agus foghlama a fhorbairt agus á bhainistiú i gcomhar le foireann na Rannóige
- Seirbhísí agus tacaíochtaí nua a fhorbairt a chuideoidh le fiontraithe, le cuideachtaí agus le Fiontair Shósialta sa Réigiún
- Tionscadail straitéiseacha oiliúna a fhorbairt agus a bhainistiú i gcomhpháirtíocht le hInstitiúidí Tríú Leibhéal, le heagrais stáit agus poiblí agus le páirtnéirí seachtracha eile
- Eolas cruinn agus tráthúil a sholáthar maidir le deiseanna oiliúna agus oideachais sa Réigiún agus maidir leis na sprioc ghrúpaí ar a bhfuil na scéimeanna seo ag freastal
- Aon dualgais eile a chuirtear leis an bpost, de réir riachtanais na heagraíochta, ó am go ham.

**Bheadh na tréithe a leanas ag sáriarrthóir ar an bpost:**

- 2-3 bliain de thaithí i mbainistiú cláir oiliúna, i bhforbairt gnó, nó i réimse na forbartha foirne
- Cumas cruthaithe maidir le cláir éifeachtacha oiliúna agus forbairt scileanna a fhorbairt agus a bhainistiú
- Taithí ag obair le gnólachtaí, le fiontair shóisialta agus Eagrais Stáit agus Poiblí
- Scileanna cumarsáide den scoth i nGaeilge agus i mBéarla, ó bhéal agus i scríbhinn
- Eolas ar bheartais oiliúna, ar scéimeanna fostaíochta agus ar fhorbairt fiontraíochta agus forbartha pobail sa Ghaeltacht

Is post ar chonradh sainchuspóra é seo. Tá scála tuarastail ag grád Ardoifigeach Feidhmiúcháin €59,435 - €75,788 ag dul leis an bpost. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Beidh an post seo lonnaithe in oifig de chuid an Údaráis i Réigiún Chonnacht/Laighean.

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh Gaeilge a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie

https://udaras.ie/oiliuint-fostaiocht/fostaiocht/poist-udaras-na-gaeltachta/

Glacfar le hiarratais go dtí **4.00 i.n. Déardaoin, 7 Bealtaine 2026.**

*Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.*